

Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

Gníomhaíocht B: Cleachtas Eiticiúil

Is é atá in eitic caighdeán iompraíochta lena rialaítear iompar agus nuair a bhíonn sí comhaontaithe, is féidir léi tacú le cleachtóirí freagairt go cuí agus cinntí tapa a ghlacadh agus iad i mbun gnímh. Téann cúrsaí eitice i bhfeidhm ar gach duine agus ar gach idirghníomhaíocht, agus baineann tábhacht ar leith leo dóibh siúd a bhíonn ag obair le naíonáin, le lapadáin agus le leanaí óga. Tá freagrachtaí eiticiúla ar gach duine atá ag obair sa suíomh luath-óige, beag beann ar an ról atá acu, agus is féidir leo na freagrachtaí sin a chomhlíonadh ach ionbhá, íogaireacht agus meas dearfach a léiriú i dtreo leanaí, tuismitheoirí agus comhghleacaithe.

Tugadh isteach coincheap an tacair chomhaontaithe luachanna agus prionsabal lena rialaítear an cleachtas i nGné 1 de Bunchlocha an Churaclaim, *Do Churaclam agus do Ráiteas Curaclaim a fhorbairt* agus i nGné 2, *Prionsabail Aistear agus Shíolta a úsáid*. Is féidir na luachanna agus na prionsabail sin a léiriú mar **cód eitice** trína gcabhraítear le cleachtóirí teorainneacha a leagan síos maidir lena bhfuil i gceist le hiompar gairmiúil inghlactha.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

I gcás cód eitice san oideachas luath-óige, cuimsítear freisin an dualgas cúraim i leith leanaí agus a dteaghlaigh, comhghleacaithe, an phobail, agus na hearnála luath-óige. Gné thábhachtach is ea go n-aithnítear cearta leanaí mar atá leagtha amach in *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* (1989).

Féachtar ar ghnéithe sainiúla eitice den chleachtas i gCás 1-4 anseo thíos. Smaoinigh ar na cásanna agus ar do fhreagraí ina leith, agus déan machnamh cén fáth a mbeadh an freagra sin agat. Déan an ghníomhaíocht seo i d'aonair roimh do fhreagraí a chomhroinnt agus a phlé le d'fhoireann, do bhainisteoir nó do mheantóir.

Cás 1

Rinneadh maoirseoir óg ag a bhfuil cáilíocht leibhéal 8 a earcú mar cheannaire an tseomra ina bhfuil tú ag obair. Cé go bhfuil sí níos cáilithe ná tusa, is lú i bhfad an taithí atá aici. Cé go ndealraíonn sé go dtaitníonn sí leis na leanaí agus na tuismitheoirí, ní maith leatsa na hathruithe atá déanta aici sa seomra agus tá tú míshásta treoir a ghlacadh uaithe maidir le gnéithe áirithe de do chuid oibre leis na leanaí.

Conas a d'fhreagrófa sa chás seo ó thaobh na heitice de?

Cás 2

Deir dlúthchara leat go bhfuil leanbh ó do shuíomh tar éis bogadh isteach béal dorais léi. Deir do chara go bhfuil an teaghlach an-phríobháideach agus go mbíonn siad ag seachaint gach caidrimh léi féin agus lena leanaí. Fiafraíonn sí díot cén tuairim atá agat ar an teaghlach.

Conas a d'fhreagrófa sa chás seo ó thaobh na heitice de?

Cás 3

Tagann Daidí na Nollag ar cuairt chun an tsuímh gach bliain i mí na Nollag chun bronntanas a thabhairt do na leanaí. Cuireann tuismitheoir in iúl duit nach dteastaíonn uaidh go mbeidh a iníon páirteach san ócáid seo mar cuirtear an tomhaltachas agus tuiscint mhícheart ar an Nollaig chun cinn ann, dar leis.

Conas a d'fhreagrófa sa chás seo ó thaobh na heitice de?

Cás 4

Tá mac léinn ar shocrúchán oibre sa suíomh agus tugadh tasc di inar gá di trí cinn d'eispéiris éagsúla foghlama a phleanáil agus a chur i gcrích leis na leanaí. Mar sin féin, tá sé beartaithe aici trí eispéireas a thabhairt atá cosúil lena chéile a bhaineann le gníomhaíochtaí ealaíne bunaithe ar theimpléad.

Conas a d'fhreagrófa sa chás seo ó thaobh na heitice de?

Cabhraíonn na cásanna thuas leat machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas eiticiúil faoi roinnt ceannteidil éagsúla:

- **Cás 1 – Caitheamh go gairmiúil le comhghleacaithe**
- **Cás 2 – Rúndacht**
- **Cás 3 – Meas dearfach neamhchoinníollach ar leanaí, tuismitheoirí agus teaghlaigh**
- **Cás 4 – Tacú le mic léinn/cleachtóirí nua-cháilithe tuiscint a fháil ar nádúr agus ar chastacht na foghlama agus na forbartha sa luath-óige**

Tá freagracht ar gach duine atá ag obair sa suíomh luath-óige, beag beann ar an ról atá acu, cloí leis na caighdeáin eitice agus is féidir leo na caighdeáin sin a léiriú ach ionbhá, íogaireacht agus meas dearfach a léiriú i leith leanaí, tuismitheoirí agus comhghleacaithe.